



Aighneacht

Comhairliúchán Poiblí

Coimisiún um Óglaigh na hÉireann

Márta 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an nGaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Coimisiún um Óglaigh na hÉireann.

Is í aidhm na haighneachta seo ná go gcuirfean an Ghaeilge chun cinn agus an Coimisiún ag obair ar atheagar ar Óglaigh na hÉireann. Mar a dúirt Thomas Davis fadó 'A people without a language of its own is only half a nation. A nation should guard its language more than its territories, 'tis a surer barrier and a more important frontier than mountain or river'. Tá ról ag Óglaigh na hÉireann an Ghaeilge a chosaint chomh maith leis an náisiún.

DEARCTHAÍ AN PHOBAIL



Ní hamháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Léiríonn na staitisticí thíos¹ gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Creideann nach mór leath ó thuaidh agus beirt i ngach triúr ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go gcuirfeadh an Stát níos mó tacaíochta ar fáil don Ghaeilge."




Láithinn () sampla 2015

Creideann seachtar i ngach deichniúr gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."



Láithinn () sampla 2015

¹ Foinse: Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019, Conradh na Gaeilge

Seirbhísí as Gaeilge

D'iarr duine as seisear seirbhísí as Gaeilge, le duine as fiche ó thuaidh



KANTAR MILWARDBROWN

C 2 Cé chomh láidir is a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis a leanas ... Táim tar éis seirbhísí trí Ghaeilge a tairgeadh ón Stáit nó ó chomhlacht seirbhísí poiblí. Bonn: Gach duine fásta thar 16 bliana d'aois (Ó Dheas=1,011, Ó Thuaidh=1,022)

17

Léiríonn na staitisticí seo thuas² gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go mbeidh comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

DUALGAIS AG NA FÓRSAÍ COSANTA FAOI STRAITÉIS 20 BHLIAIN DON GHAELIGE

De réir Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge deir sé i leith na bhFórsaí Cosanta: 'Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta.' Is gá a chinntiú go bhfuil an fhorbairt sin ag dul ar aghaidh sna Fórsaí Cosanta.

²Foinse: *Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019*, Conradh na Gaeilge

MOLTAÍ

- Go bhfostófar Oifigeach Gaeilge lánaimseartha a dhéanfaidh maoirseacht agus monatóireacht ar chúrsaí Gaeilge agus a bheadh mar phointe teagmhála don phobal.
- Go mbeidh ainmneacha na Longa Cabhlach i nGaeilge amháin arís mar a bhíodh.
- Go bhfaighfear réidh leis an ainm i mBéarla 'Reserves'. Bhíodh an t-ainm i nGaeilge amháin - le 'Fórsaí Cosanta Áitiúil' agus 'Slua Mhuirí' roimhe seo.
- Go mbeidh teideal na gcéimeanna agus ról i nGaeilge amháin, m.sh. Ceanntfort seachas *Commandant* agus Ceann Foirne in ionad *Chief of Staff* in úsáid. Tá ainmneacha faoi leith ag na céimeanna, ar aon nós, sna fórsaí cosanta, difriúil ó aon fhórsa míleata eile de bharr cúrsaí teanga, níl anseo ach úsáid na Gaeilge sna Fórsaí Cosanta, ag léiriú ár náisiúntacht. Tá Taoiseach agus Tánaiste á n-úsáid ag na ceannasaithe polaitiúla, níl fáth ann nach bhféadfadh na céimeanna sna Fórsaí Cosanta a úsáid i nGaeilge chomh maith. Freisin do bheannú don té a bhfuil céim níos airde acu b'fhiú 'A Uasail' a úsáid seachas 'Sir' nó 'Ma'am', is téarma neodrach ó thaobh na hinscne de freisin. Tá na horduithe as Gaeilge, níl sa ghníomh seo ach leathnú amach ar chúpla téarma eile as Gaeilge.
- Go mbeidh ainm gach dún, bunáit chabhlaigh agus aeradróm i nGaeilge amháin.
- Dúirt an tAire Cosanta Caoimhín Ó Beoláin³ ar an 24 Deireadh Fómhair, 1957 don Ard-Aidiúnach an Coirnéal Patrick Hally 'The Time has now been reached when the great majority of officers in the Defence Forces have sufficient knowledge of the Irish language to be able to converse about, or carry out, their work in that medium'. Freisin thug sé treoir 'submit to G.H.Q. a return of those officers who are prepared to use whatever Irish they know in conversation with other officers who are prepared to respond'. Thug an Ceann Foirne freagra ar an treoir seo 'It is a fundamental part of An t-Aire's policy that An Coláiste Míleata be an Irish Military Academy in every sense'. De bharr na treorach seo bhí gach cúrsa a bhí á reáchtáil ag an gColáiste Míleata á fheidhmiú trí Ghaeilge. Aistríodh na treoirleabhair agus na siollabais go Gaeilge dá bharr. Bhí gá go mbeidh pas sa Ghaeilge sa chúrsa onórach Ardteistiméireachta chun iarratas daltachas ráithiúil a bhaint amach agus bhí gá go mbeidh marc ar a laghad de 50% ag teastáil don agallamh Gaeilge freisin. Seo an treoir a thug an tAire maidir leis an gColáiste Míleata 'Should be an Irish-speaking Coláiste; The use of the English tongue for instruction be progressively eliminated; The instruction of Cadets will be through the medium of Irish only except in the case of specialised instruction where it may NOT be possible to so arrange.' Bhí iarrachtaí déanta chun an Ghaeilge a normalú maidir le cúrsaí caighdeánacha sna scoileanna chóir 'standard courses in Corps schools should be run through Irish as soon as possible' i bhFeabhra 1959. B'fhiú an córas seo a chur i bhfeidhm arís nó sruth a chruthú sa Choláiste Mhíleata go mbeidh cuid de na daltaí ag fáil a dtraenáil trí Ghaeilge. Is maith go raibh an cumas Gaeilge sin ag na hoifigigh mar bhí an Ghaeilge á n-úsáid acu mar uirlis slándála ina n-oibríochtaí. Mar shampla i 1969 nuair a bhí na trioblóidí ag tosú ó thuaidh chuaigh an tAire Cosanta ag an am George Colley ar chúirt go dtí na hoifigigh a bhí ag obair ar son na Náisiúin Aontaithe a bhí lonnaithe sa Chipir chun iad a chur ar an eolas go b'fhéidir go mbeidh gá iad a thabhairt abhaile chun déileáil leis na trioblóidí. Fuair an tAire Colley síob in ingearán leis an RAF go dtí an campa a raibh na hoifigigh lonnaithe. Bhí an píolóta in aice leis an Aire nuair a chuaigh siad ar chuairt go dtí an campa. Ionas nach mbeidh eolas rúnda á thabhairt go Fórsaí Míleata na Breataine, bheartaigh sé labhairt leis na hoifigigh i nGaeilge. Ní fhéadfadh sé é sin a dhéanamh mura raibh na socrúithe a bhí déanta sa Choláiste Míleata maidir leis an traenáil trí Ghaeilge curtha i bhfeidhm faoin am sin. Freisin nuair a bhí saighdiúirí ag feidhmiú sna 1980aidí thar ceann na Náisiúin Aontaithe sa Liobáin bhí a fhios acu go raibh Fórsaí Cosanta Iosrael ag cloisteáil na teachtaireachtaí raidió a bhí idir na saighdiúirí. Bheartaigh na saighdiúirí labhairt as Gaeilge ionas nach mbeidh na hIosraelaigh in ann iad a thuiscint⁴. Is nós é seo a bhíonn á úsáid ag airm timpeall an domhain ar nós na 'Navajo Codetalkers'⁵ a bhí i bhFórsaí Míleata SAM i rith an Dara Cogadh Domhanda agus úsáid na Breatnaise ag Fórsaí Míleata an Ríocht Aontaithe i rith cogadh

³ Hodson, T. (2016). *The College: The Irish Military College 1930-2000*. Gloucestershire: The History Press. pp. 134-137.

⁴ <https://www.irishexaminer.com/news/arid-20466528.html>

⁵ <https://www.nationalww2museum.org/war/articles/american-indian-code-talkers>

Malvinas i 1982 agus Bosnia sa 1990aidí⁶. I *Légion Étrangère* na Fraince, is í an teanga oibre a úsáidtear ansin ná an Fhraincis, cé go dtagann na hearcaigh ó gach cearn den domhan, go leor dóibh nach mbeadh Fraincis acu. Tá siad in ann an Fhraincis a mhúineadh dá earcaigh agus an teanga a úsáid mar an teanga oibre ann⁷. Seo sampla gur féidir leis na Fórsaí Cosanta a úsáid.

- B'fhiú do Chomhairle na Gaeilge plé leis an gCoiste Téarmaíochta maidir le haon téarmaí nua míleata atá le haistriú. Tá na Fórsaí Cosanta ag cloí leis na caighdeáin atá ag an Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), b'fhiú dul i dteagmháil leis na Stáit atá in ECAT nach bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu le feiceáil cén córas atá acu le téarmaí nua míleata a aistriú.
- Ba chóir a chinntiú go bhfuil an Chéad Cahthlán Coisithe atá lonnaithe i nDún Uí Mhaoilíosa sa Rinn Mhór ag feidhmiú as Gaeilge. B'fhiú feachtas earcaíochta a dhéanamh sna Gaeltachtaí ar fad agus do chainteoirí Gaeilge i gcoitinne don chathlán seo.
- Is gá cuimhneamh go bhfuil Bille na dTeangacha Oifigiúla á bplé faoi láthair ina bhfuil sé beartaithe go mbeidh 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina cainteoirí Gaeilge le líofacht labhartha de chaighdeán B2 TEG ar a laghad faoi 2030. Beidh seo á chur i bhfeidhm sna Fórsaí Cosanta chomh maith. Mar sin cuideoidh na moltaí atá luaite thuas i dtaobh an Coláiste Míleata agus an Céad Cath na dualgais dhlíthiúla seo a chomhlíonadh.

CONCLÚID

Mar atá feicthe san aighneacht seo tá dualgais ag na Fórsaí Cosanta ón Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge forbairt a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá go leor moltaí san aighneacht seo chun é seo a chomhlíonadh, ar nós, Oifigeach Gaeilge lánaimseartha a fhostú chun na dualgais i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm, ainm na Longa Cabhlaigh a Ghaelú, ainm faoi leith as Gaeilge amháin do na cúltacaithe, céimeanna, róil, beannú, ainm na dúnta, bunáiteanna cabhlaigh agus aeradróim, traenáil na daltaí a dhéanamh trí Ghaeilge arís nó ar a laghad go mbeidh cuid de na daltaí, córas éifeachtach a chur i bhfeidhm chun téarmaí nua míleata a chruthú, an Ghaeilge a láidriú sa Chéad Chath agus go bhfuil gá súil a choinneáil ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla mar go mbeidh gá go mbeidh 20% de na hearcaigh ina chainteoirí Gaeilge faoi 2030.

Agus Coimisiún um Óglaigh na hÉireann ag suí ba mhian le Conradh na Gaeilge go dtógtar ár moltaí san áireamh le hathstruchtúrú de na Fórsaí Cosanta á dhéanamh.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil má tá aon cheist ann maidir le haon ghné den aighneacht seo.

⁶ <https://www.wearethemighty.com/mighty-history/new-code-talker-languages/>

⁷ <https://www.frenchhubhouston.com/the-french-foreign-legion-a-proven-approach-to-learning-french/>